**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Chultúr agus um Oideachas*
*An Cathaoirleach*

6.12.2022

Dragoş Pîslaru, Uasal
Cathaoirleach
An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta
AN BHRUISÉIL

Ábhar: Tuairim le haghaidh togra ar chinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Bliain Eorpach na Scileanna 2023 (COM(2022)0526 – C9-03442022 – 2022/0326(COD))

A Chathaoirligh, a chara,

Faoin nós imeachta thuasluaite, iarradh ar an gCoiste um Chultúr agus um Oideachas tuairim a chur faoi bhráid do choiste. Ag an gcruinniú a bhí acu an 1 Nollaig 2022, chinn na comhordaitheoirí tuairim a sheoladh i bhfoirm litreach. Rinne siad breithniú ar an ábhar agus d'fhormhuinigh siad an tuairim ag an gcruinniú.

Tá an tsraith leasuithe thíos glactha ag Coiste CULT ionas go gcuirfidh na gníomhaíochtaí a bhaineann le Bliain Eorpach na Scileanna béim ar réimse níos leithne scileanna lena léirítear riachtanais ár dtoghthóirí mar oibrithe agus saoránaigh. D'áiritheofaí leis sin cur chuige níos iomlánaí maidir le foghlaim ar feadh an tsaoil, cur chuige a bheadh tairbhiúil ó thaobh athléimneacht ár sochaithe de, agus dá réir sin tairbhiúil maidir le timpeallacht fhabhrach do mhargaí saothair a bhaint amach. Tá súil agam go mbeidh do Choiste ina bhfabhar.

Le dea-mhéin,

Sabine Verheyen

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh Cinnidh**
**Airteagal 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ainmneofar an bhliain 2023 mar 'Bhliain Eorpach na Scileanna 2023' (dá ngairtear an 'Bhliain Eorpach' anseo feasta). | Ainmneofar an bhliain 2023 mar 'Bhliain Eorpach na Scileanna 2023' ***ag tosú an 9 Bealtaine 2023*** (dá ngairtear an 'Bhliain Eorpach' anseo feasta). |

*Réasúnú*

*Leis sin, athdhearbhaítear iarraidh CULT maidir le dáta tosaigh agus deiridh na mBlianta Eorpacha.*

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh Cinnidh**
**Airteagal 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcomhréir le prionsabail 1, 4 agus 5 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, agus rannchuidiú á dhéanamh leis na cuspóirí a leagtar amach i gClár Oibre Scileanna don Eoraip 2020 agus le príomhspriocanna an Aontais a leagtar amach i bPlean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, is é cuspóir foriomlán na Bliana Eorpaí meon ***athscilithe agus uas-scilithe*** a chur chun cinn a thuilleadh, agus ar an gcaoi sin borradh a chur faoi iomaíochas cuideachtaí Eorpacha, go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide, agus acmhainneacht iomlán na n-aistrithe digiteacha agus glasa a bhaint amach ar bhealach atá cothrom, cuimsitheach agus cóir ar bhonn sóisialta. Go sonrach, le gníomhaíochtaí na Bliana, cuirfear chun cinn beartais scileanna agus infheistíochtaí chun a áirithiú nach bhfágfar aon duine ar lár sa dá aistriú agus sa téarnamh eacnamaíoch, agus, go háirithe, aghaidh a | I gcomhréir le prionsabail 1, 4 agus 5 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, agus rannchuidiú á dhéanamh leis na cuspóirí a leagtar amach i gClár Oibre Scileanna don Eoraip 2020 agus le príomhspriocanna an Aontais a leagtar amach i bPlean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, is é cuspóir foriomlán na Bliana Eorpaí meon ***foghlama ar feadh an tsaoil*** a chur chun cinn tuilleadh agus ar an gcaoi sin ***deiseanna le haghaidh forbairt phearsanta a chur chun cinn,*** agus borradh a chur faoi ***athléimneacht shochaithe ha hEorpa agus*** iomaíochas cuideachtaí Eorpacha, go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide, agus acmhainneacht iomlán na n-aistrithe digiteacha agus glasa a bhaint amach ar bhealach atá cothrom, cuimsitheach agus cóir ar bhonn sóisialta. Go sonrach, le gníomhaíochtaí na Bliana, cuirfear chun cinn beartais scileanna agus infheistíochtaí |

| | |
|---|---|
| thabhairt ar ghanntanais lucht saothair le haghaidh lucht saothair níos oilte ***san*** Aontas atá in ann deiseanna an ***phróisis seo*** a thapú, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: | chun a áirithiú ***go bhféadfaidh gach duine páirt a ghlacadh sa saol sóisialta agus polaitiúil agus*** nach bhfágfar aon duine ar lár sa dá aistriú agus sa téarnamh eacnamaíoch, agus, go háirithe, aghaidh a thabhairt ar ghanntanais lucht saothair le haghaidh lucht saothair níos oilte ***agus ar bhearnaí scileanna agus inniúlachtaí atá ag teastáil ó shaoránaigh chun gur féidir iad a chumhachtú in*** Aontas atá in ann deiseanna ***na bpróiseas seo*** a thapú, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: |

*Réasúnú*

*Leis sin, leathnaítear an spriocphobal agus an réimse scileanna a ndírítear orthu i ngníomhaíochtaí le linn Bhliain Eorpach na Scileanna.*

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh Cinnidh**
**Airteagal 2 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Infheistíocht mhéadaithe, níos éifeachtaí agus níos cuimsithí san oiliúint agus san uas-sciliú a chur chun cinn chun leas iomlán a bhaint as acmhainneacht ***lucht saothair*** na hEorpa atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo agus chun tacú le daoine aistrithe ó phost go post agus aosú gníomhach a bhainistiú, agus tairbhiú de na deiseanna nua a eascraíonn as an gclaochlú eacnamaíoch atá ar siúl faoi láthair. | 1. Infheistíocht mhéadaithe, níos éifeachtaí agus níos cuimsithí ***san fhoghlaim ar feadh an tsaoil, lena n-áirítear san*** oiliúint agus san uas-sciliú a chur chun cinn chun leas iomlán a bhaint as acmhainneacht ***shaoránaigh*** na hEorpa atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo agus chun tacú le daoine aistrithe ó phost go post agus aosú gníomhach a bhainistiú, ***chomh maith le forbairt phearsanta agus dul chun cinn sóisialta a shaothrú*** agus tairbhiú de na deiseanna nua a eascraíonn as an gclaochlú eacnamaíoch ***agus sóisialta*** atá ar siúl faoi láthair. ***Ba chóir go gcuirfí an bhéim is láidre orthu siúd is mó atá faoi mhíbhuntáiste.*** |

*Réasúnú*

*Leis sin, leathnaítear an spriocphobal agus na scileanna a ndírítear orthu sna gníomhaíochtaí le linn Bhliain Eorpach na Scileanna*

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh Cinnidh**
**Airteagal 2 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Ábharthacht scileanna a neartú trí dhul i gcomhar go dlúth leis na comhpháirtithe sóisialta, le seirbhísí fostaíochta poiblí agus príobháideacha, le cuideachtaí, le soláthraithe oideachais agus oiliúna agus trí chineálacha cur chuige comhleanúnacha a fhorbairt le gach brainse de rialtais. | 2. Ábharthacht scileanna a neartú trí dhul i gcomhar go dlúth leis na comhpháirtithe sóisialta, ***le heagraíochtaí eile na sochaí sibhialta***, le seirbhísí fostaíochta poiblí agus príobháideacha, le cuideachtaí, le soláthraithe oideachais agus oiliúna agus trí chineálacha cur chuige comhleanúnacha a fhorbairt le gach brainse de rialtais. |

*Réasúnú*

*Leis sin, leathnaítear an réimse geallsealbhóirí a sainíonn ábharthacht na scileanna a ndírítear orthu sna gníomhaíochtaí le linn Bhliain Eorpach na Scileanna.*

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh Cinnidh**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) comhdhálacha, pléití fóraim agus imeachtaí breise chun díospóireacht a chur chun cinn maidir le ról agus rannchuidiú na mbeartas scileanna chun fás eacnamaíoch iomaíoch, inbhuanaithe agus cothrom a bhaint amach i bhfianaise an athraithe dhéimeagrafaigh agus chun páirtithe leasmhara ábhartha a shlógadh chun a áirithiú gurb ann do rochtain ar oiliúint ar an láthair; | (a) comhdhálacha, pléití fóraim agus imeachtaí breise chun díospóireacht a chur chun cinn maidir le ról agus rannchuidiú na mbeartas scileanna ***chun oibrithe oilte a choinneáil in AE, chun inniúlacht i mbunscileanna, saoránacht ghníomhach le haghaidh córais dhaonlathacha agus*** fás eacnamaíoch iomaíoch, inbhuanaithe agus cothrom a bhaint amach i bhfianaise ***dúshláin mhóra*** amhail an t-athrú déimeagrafach agus chun páirtithe |

| | |
|---|---|
| | leasmhara ábhartha a shlógadh chun a áirithiú gurb ann do rochtain ar oiliúint ar an láthair; |

*Réasúnú*

*Leis sin, leathnaítear an raon scileanna a ndírítear orthu le linn ghníomhaíochtaí Bhliain Eorpach na Scileanna agus tugtar aghaidh ar fhadhb na himirce daoine oilte.*

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh Cinnidh**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe g**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (g) uirlisí agus ionstraimí a chur chun cinn ar mhaithe le trédhearcacht mhéadaithe maidir le cáilíochtaí, lena n-áirítear cáilíochtaí a bhronntar lasmuigh den Aontas; | (g) ***uathaitheantas frithpháirteach cáilíochtaí arna bhfáil laistigh den Aontas faoin mbliain 2025 a bhaint amach agus*** uirlisí agus ionstraimí a chur chun cinn ar mhaithe le trédhearcacht mhéadaithe maidir le cáilíochtaí, lena n-áirítear cáilíochtaí a bhronntar lasmuigh den Aontas; |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh Cinnidh**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe h**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (h) cláir, deiseanna cistiúcháin, tionscadail, gníomhaíochtaí agus líonraí atá ábhartha do pháirtithe leasmhara poiblí, príobháideacha agus neamhrialtasacha a chur chun cinn, a bhfuil baint acu le deiseanna uas-scilithe agus athscilithe agus gairmoiliúint a cheapadh, a scaipeadh agus a chur chun feidhme; | (h) cláir, deiseanna cistiúcháin, tionscadail, gníomhaíochtaí agus líonraí atá ábhartha do pháirtithe leasmhara poiblí, príobháideacha agus neamhrialtasacha a chur chun cinn, a bhfuil baint acu le deiseanna uas-scilithe agus athscilithe***, oideachas*** agus gairmoiliúint a cheapadh, a scaipeadh agus a chur chun feidhme; |

*Réasúnú*

*Leis sin, leathnaítear an raon scileanna a ndírítear orthu le linn ghníomhaíochtaí Bhliain Eorpach na Scileanna.*

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh Cinnidh**
**Airteagal 5 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Rachaidh an Coimisiún i dteagmháil le comhpháirtithe sóisialta, le comhlachtaí margaidh saothair agus le hionadaithe ó eagraíochtaí nó ó chomhlachtaí atá gníomhach i réimse na scileanna, chun cuidiú leis an mBliain Eorpach a chur chun feidhme ar leibhéal an Aontais. | 4. Rachaidh an Coimisiún i dteagmháil le comhpháirtithe sóisialta, le h***eagraíochtaí eile na sochaí sibhialta, le*** comhlachtaí margaidh saothair***, soláthraithe oideachais fhoirmiúil agus sheachfhoirmiúil*** agus le hionadaithe ó eagraíochtaí nó ó chomhlachtaí atá gníomhach i réimse na scileanna, chun cuidiú leis an mBliain Eorpach a chur chun feidhme ar leibhéal an Aontais. |

*Réasúnú*

*Leis sin leathnaítear an réimse comhlachtaí a dtéann an Coimisiún i dteagmháil leo maidir le cur chun feidhme gníomhaíochtaí le linn Bhliain Eorpach na Scileanna.*